


Léigh tuilleadh >

# Léargas fianaisebhunaithe a sholáthrú i saol sonraíbhunaithe

Tar ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Príomhoifigeach Cúnta – (Speisialtóir Staitisticí agus Anailísíochta Sonraí) i mBaile Átha Cliath

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Leigh tuilleadh >

# Bain leas as an chumhacht atá ag sonraíocht agus ardanailísíocht

- Cuir tacaíocht staitistiúil ar fáil chun cabhrú le beartas cánach a fhorbairt.
- Úsáid samhaltú sonraí agus anailísíocht chun dúshláin straitéiseacha agus oibríochtúla a réiteach.
- Cuir cultúr cinnteoireachta fianaisebhunaithe chun cinn ar fud na heagraíochta.



Leigh tuilleadh >

# Eolas faoin ról:

Is féidir ceapacháin ón gcomórtas seo a dhéanamh thar dhá réimse feidhme.

- Sa réimse **Staitisticí**, oibreoidh tú le hacmhainní sonraí d'ardchaighdeáin agus soláthróidh tú staitisticí cruinne agus costais beartais mar fhreagra ar Cheisteanna Dála agus ar thimthriall bliantúil an Bhuiséid.

- Sá réimse Anailísíochta, beidh tú i gceannas ar fhoireann gairmithe oilte agus úsáidfidh tú uirlisí speisialaithe chun croífhadhbanna straitéiseacha agus oibríochtúla a réiteach.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Leigh tuilleadh >

# Bunriachtanais Iontrála

- Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Leibhéal Céime Onóracha Baitsiléara) i gceann amháin ar a laghad i gceann acu seo a leanas, nach mór a chur san áireamh i dteideal na cáilíochta oifigiúla: Eacnamaíocht, Staitisticí, Eolaíocht Sonraí, Anailísíocht Sonraí, Eolaíocht Achtúireach, Ríomheolaíocht, Matamaitic, Innealtóireacht nó Intleacht Shaorga.

AGUS

- 3 bliana ar a laghad de thaithí phraiticiúil ábhartha in Eagraíocht san Earnáil Phoiblí, i ngnólacht gairmiúil mór, nó i ngnó mór corparáideach, a dhéileálann le tacair mhóra sonraí, le cúrsaí staitisticí agus/nó anailísíochta.

Féach an Leabhrán Eolais le haghaidh liosta iomlán agus mionsonraithe de bunriachtanais iontrála.



# Cén fáth a n-oirfeadh sé duit?

Leigh tuilleadh >

Éireoidh go geal leat sa ról seo más rud é:

- go dteastaíonn gairm uait a thugann dúshlán agus luach saothair duit,
- gur mian leat **nuálaíocht a éascú** agus foireann a threorú i dtimpeallacht dhinimiciúil agus tapa, agus
- go dteastaíonn uait **ról ardbhainisíochta** a bheith agat a chuireann le forbairt leanúnach laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim.

Leigh tuilleadh >

# Cén fáth na Coimisinéirí Ioncaim?

Má thagann tú ag obair lenár bhfoirne Staitisticí agus Anailísíochta Sonraí, beidh deis uathúil agat tacú le riarachán cánach agus cumas sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a neartú ag leibhéal sinsearach.

Mar chuid de do ról:

- cuirfidh tú feabhas ar na scileanna anailíseacha agus ceannaireachta atá agat cheana féin,
- cuideoidh tú le cur chuige cinnteoireachta fianaisebhunaithe a leabú i gcroílár na gCoimisinéirí Ioncaim, agus
- beidh ról ríthábhachtach agat maidir leis an gcóras cánach a choinneáil cothrom do

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Leigh tuilleadh >

# Buntáistí

- **Tuarastal tosaigh de €83,113**, a ardaíonn gach bliain le seirbhís shásúil.
- Beartais sholúbtha atá oiriúnach do theaghlaigh le tacaíocht ó thionscnaimh folláine agus cothromaíochta oibre is saoil.
- 30 Lá Saoire Bhliantúil.
- **Cláir oiliúna struchtúrtha** ailínithe le fócas láidir ar **fhorbairt gairme**.



Leigh tuilleadh >

# Má tá tú réidh chun tús a chur le do ghairm bheatha, nó má tá tú ag lorg athrú, tar ag obair linn mar Phríomhoifigeach Cúnta sa réimse Staitisticí agus Anailísíochta Sonraí

Déan iarratas anois trínár gCóras Rianaithe d'Iarratasóirí.

**Dáta Deiridh:** 17.00 Dé hAoine an 14 Lúnasa 2026.

Chun tuilleadh sonraí a fháil agus an chaoi le hiarratas a dhéanamh, féach ar ár Leabhrán Eolais.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs